# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2023

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# Gnó

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Marcála.**

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh:

- Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.
- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I gcuid mhaith cásanna sna nótaí tacaíochta, d’fhéadfadh sé go mbeadh eochairfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra le go dtuillfidh sé nó sí na marcanna sannta.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. Ar an ábhar sin, d’fhéadfadh riachtanais athrú ó bhliain go bliain.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Ba chóir do Scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena scrúdaitheoir comhairleach.
- Tá eolas sa tábla thíos maidir leis na nótaí mínithe a úsáidtear don mharcáil sa scéim mharcála.

| Nóta mínithe | Úsáid |
|---|---|
| ✓n | Faisnéis bhailí (n marc) |
| 0 | Gan aon mharc bronnta. Freagra mícheart nó neamhleor. |
|  | Leathanach feicthe ag an scrúdaitheoir / faisnéis neamhbhailí. |
| OF | Tuilltear marcanna de thoradh fhigiúr an iarrthóra féin. |
| [ | Freagra farasbairr nó cuid de fhreagra.<br>Bronnadh marcanna in áit eile. |

# STAIDÉAR GNÓ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA GNÁTHLEIBHÉAL 2023

# SCÉIM MHARCÁLA

| **ROINN 1** **100 marc** |
|---|
| Freagair 10 cheist – 10 marc ag gabháil le gach ceist |

| **CEIST** | **SCÉIM MHARCÁLA** | | | **MARCANNA SAN IOMLÁN** |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 1ú téarma | 3m | (1+1+1) | 10 |
| | 2ú téarma | 3m | (1+1+1) | |
| | 3ú téarma | 4m | (1+1+1+1) | |
| 2 | **Ceithre** iontráil: | 3m + 3m + 2m + 2m | | 10 |
| 3 | **Dhá** chúis: | @ 5m an ceann (3 + 2) | | 10 |
| 4 | **Ceithre** iontráil: | 3m + 3m + 2m + 2m | | 10 |
| 5 | **Dhá** iontráil: | @ 5m an ceann | | 10 |
| 6 | **(i)** Mínigh | 6m (3 + 3) | | 10 |
| | **(ii)** Ainm & USP | 2m + 2m | | |
| 7 | **Ceithre** iontráil: | 3m + 3m + 2m + 2m | | 10 |
| 8 | **Ceithre** chiorcal: | 3m + 3m + 2m + 2m | | 10 |
| 9 | **Dhá** iontráil: | @ 5m an ceann | | 10 |
| 10 | **Sé** iontráil **:** | 2m + 2m + 1m + 3m +1m +1m | | 10 |
| 11 | **Ceithre** tic: | 3m + 3m + 2m + 2m | | 10 |
| 12 | **Trí** fhreagra: | 4m + 3m + 3m | | 10 |
| 13 | **Dhá** iontráil: | @ 5m an ceann | | 10 |
| 14 | **(i)** Ríomh: | 4m | | 10 |
| | **(ii)** Bliain a aithint | 3m | | |
| | **(iii)** Bliain a aithint | 3m | | |
| 15 | **Cúig** fhreagra: | @ 2m an ceann | | 10 |

## ROINN 2 - 300 MARC

## CUID 1

**Ceist 1**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** chúis | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Aon** fheidhm amháin | 10m (5m + 5m) | 10 |
| **(C)** | **Cúig** pháirtí leasmhar | @ 3 mharc an ceann | 15 |
| **(D)** | **Míniú**<br>Tabhair sampla **amháin** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Trí** mhíniú**:** | 7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (3m + 3m) | 20 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |

**Ceist 2**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Míniú**: | 10 marc (7m + 3m) | 10 |
| **(B)** | **Dhá** spreagadh: | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** thairbhe**:** | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | (i) **Míniú**<br>(ii) **Dhá** éifeacht | 5 mharc (3m + 2m)<br>10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** shochar: | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |

**Ceist 3**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **Ainm:** 5 mharc<br>**Trí** Shampla**:** 10 marc (4m + 3m + 3m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** chonstaic: 8 marc (4m + 4m)<br>Míniú **Amháin**: 7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(C)** | **(i) Míniú:** 8 marc (4m + 4m)<br>**(ii) Aon** tionchar amháin: 7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **(i) Dhá** thairbhe: @ 6 mharc an ceann (4m + 2m)<br>(ii) Dúshlán **Amháin**: 8 marc (4m + 4m) | 20 |
| **(E)** | **Dhá** institiúid: 5m + 5m | 10 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | **75** |

**Ceist 4**

| | | |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Ceapaim 4 mharc<br>Míniú 6 mharc (3m + 3m)<br>**(ii)** Dlí: 10 marc (5 @ 2 m) | 20 |
| **(B)** | **Gníomhaireacht:** 5 mharc<br>**Míniúchán:** 10m (5m + 5m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** chúis @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 10 |
| **(D)** | **(i) Dhá** thairbhe**:** @ 5 mharc an ceann (3m + 2m)<br>**(ii) Ainm** TU: 5 mharc | 15 |
| **(E)** | **Trí** mhíniú: @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | **75** |

## CUID 2

**Ceist 5**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** shaintréith/scil | @ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Míniú Amháin**<br>**Dhá** chúis: | 5 mharc (3m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **Dhá** ghné**:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(D)** | **(i) Míniú**:<br>**(ii) Dhá** thairbhe: | 5 mharc (3m + 2m)<br>@ 5 mharc an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** shochar: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |

**Ceist 6**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Trí** théarma: | @ 5m an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **(i) Dhá** dhualgas **:**<br>**(ii) Dhá** dhualgas | @ 5m an ceann (3m + 2m)<br>@ 5m an ceann (3m + 2m) | 20 |
| **(C)** | **Trí** thoisc | @ 5m an ceann (3m + 2m) | 15 |
| **(D)** | **Ainmnigh & Mínigh:** | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Mínigh** ról: | 10 marc (5m + 5m) | 10 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |

**Ceist 7**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Ríomh:** | 9 bhfigiúir @1m an ceann<br>4 fhigiúir @2m an ceann<br>1 figiúir @3m an ceann | 20 |
| **(B)** | **Míniúchán:** | 10 marc (6m + 3m + 1m) | 10 |
| **(C)** | **Dhá** mhodh: | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(D)** | **Dhá** mhíniú: | 8 marc (3m + 3m + 2m)<br>7 marc (3m + 2m + 2m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** shochar: | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 20 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |

**Ceist 8**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **(i)** Tairbhe **Amháin:**<br>**(ii) Teicníc** Amháin: | 8 marc (6m + 2m)<br>7 marc (5m + 2m) | 15 |
| **(B)** | **Dhá** thairbhe: | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(C)** | **Trí** thoisc **:** | 8m + 4m + 3m | 15 |
| **(D)** | **Dhá** bhuntáiste **:** | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** chúis | 10 marc (7m + 3m)<br>5 mharc (4m + 1m) | 15 |

**Ceist 9**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(A)** | **Dhá** fhoinse**:** | @ 5 mharc an ceann | 10 |
| **(B)** | **Dhá** chineál**:** | 8 marc (3m + 3m + 2m)<br>7 marc (3m + 2m + 2m) | 15 |
| **(C)** | **(i) Míniú:**<br>**(ii) Dhá** mhodh: | 7 marc (4m + 3m)<br>7 marc (4m + 3m)<br>6 mharc (4m + 2m) | 20 |
| **(D)** | **Dhá** Mhíniú: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| **(E)** | **Dhá** dhúshlán: | 8 marc (4m + 4m)<br>7 marc (4m + 3m) | 15 |
| | **Marcanna Ar Fáil** | | **75** |


# STAIDÉAR GNÓ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA - GNÁTHLEIBHÉAL

# FREAGRAÍ a mBEIFÍ AG SÚIL LEO - 2023


**Roinn 1 Ceisteanna Gearrfhreagra 100 marc**

| Q | FREAGRAÍ a mBEIFÍ AG SÚIL LEO | Marcanna |
|---|---|---|
| **1.** | **Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas?**<br>**CBL** Cáin Bhreisluacha<br>**BCE (*ECB*)** Banc Ceannais na hEorpa<br>**CCÚT (*DIRT*)** Cáin Choinneála ar Ús Taisce | **10m**<br>3<br>3<br>4 |
| **2.** | **Scríobh Rialaitheoir nó Éascaitheoir i ndiaidh gach ceann de na gníomhartha a leanas le cur in iúl cé acu atá na gníomhartha seo ina samplaí de bhainisteoir ag feidhmiú mar Rialaitheoir nó mar Éascaitheoir.**<br>**1.** Tugann an bainisteoir orduithe agus bíonn sé/sí ag súil go ndéantar dá réir gan cheist. — **Rialaitheoir**<br>**2.** Spreagann an bainisteoir cumasú na bhfostaithe. — **Éascaitheoir**<br>**3.** Cuirtear muinín sna fostaithe go gcomhlíonfaidh siad a ndualgais gan a bheith faoi mhaoirseacht i gcónaí. — **Éascaitheoir**<br>**4** Déanann an bainisteoir na cinntí go léir gan dul i gcomhairle leis na fostaithe. — **Rialaitheoir** | **10m**<br>3<br>3<br>2<br>2 |
| **3.** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le gnó a leathnú.**<br>• Brabús – tá an fiontraí spreagtha brabús níos airde a dhéanamh agus an gnólacht a fhorbairt le díolacháin a mhéadú.<br>• Uaillmhian – tá an fiontraí ag iarraidh impireacht a thógáil agus a bheith ar an bhfiontraí is fearr sa tionscal.<br>• Dúshlán – is breá le fiontraithe an dúshlán a bhaineann le táirgí nua a fhorbairt nó dul le margaí nua.<br>• Cúiseanna cosantacha – amhábhair a chosaint, sochar ó bharainneachtaí scála.<br>• Cúiseanna ionasaitheacha – iomaíocht bainte as an áireamh.<br>• Éileamh méadaithe dá dtáirge – cuireann éileamh margaidh fás chun cinn. | **10m**<br>5<br>(3+2)<br>5<br>(3+2) |

<table>
<tr>
<td>4</td>
<td>Scríobh an focal FÍOR nó BRÉAGACH i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.
<table>
<tr><td>(i)</td><td>Tá dliteanas neamhtheoranta ag trádálaí aonair.</td><td>Fíor</td></tr>
<tr><td>(ii)</td><td>Is féidir 149 scairshealbhóir ar a mhéad a bheith ag cuideachta phoiblí theoranta.</td><td>Bréagach</td></tr>
<tr><td>(iii)</td><td>Is faoi úinéireacht agus faoi rialú an rialtais a bhíonn comharchumann.</td><td>Bréagach</td></tr>
<tr><td>(iv)</td><td>Is féidir ó 2 go 20 comhpháirtí a bheith ag gnólacht comhpháirtíochta.</td><td>Fíor</td></tr>
</table>
</td>
<td>10m<br>3<br>3<br>2<br>2</td>
</tr>
<tr>
<td>5.</td>
<td>Líon isteach Leibhéal 3 agus Leibhéal 4 d'Ordlathas Riachtanas Maslow.



</td>
<td>10m<br>5<br>5</td>
</tr>
<tr>
<td>6.</td>
<td>(i) Mínigh an téarma gné uathúil dhíolacháin (USP).<br><br>Déanann Gné Uathúil Dhíolacháin tagairt ar an ngné chumaisc margaíochta an ghnólachta s thugann buntáiste iomaíoch air thar a n-iomaitheoirí – is é seo a ligeann don táirge/seirbhís/branda seas amach óna n-iomaitheoirí.<br><br>(ii) Ainmnigh táirge agus USP an táirge sin.<br><br>Toblerone – seacláid thriantánach<br>Volvo – sábháilteacht</td>
<td>10m<br>6<br>(3+3)<br>4<br>(2+2)</td>
</tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **7.** | **Críochnaigh an próiseas earcaíochta agus roghnúchán.** | **10m** |
| |  | 3<br>3 + 2<br>2 |
| **8.** | **Cuir ciorcal thart ar an rogha cheart i ngach ceann de na ráitis seo a leanas.** | **10m** |
| | **(i)** Ní mór d'fhostaithe fógra **seacht** / deich lá a thabhairt dá bhfostóir faoi ghníomhaíocht thionsclaíoch. | 3 |
| | **(ii)** Nuair a iarrann fostaithe ardú pá de bharr méadú ar bhoilsciú a bheith ann is éard a thugtar air sin ná éileamh táirgiúlachta / **costas maireachtála**. | 3 |
| | **(iii)** Déanann IBEC ionadaíocht thar ceann **gnólachtaí** / fostaithe. | 2 |
| | **(iv)** Is éard atá i bhFeirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) ná **grúpa sainleasa** / ceardchumann. | 2 |
| **9.** | **Meaitseáil an íomhá leis an straitéis phraghsála cheart ón liosta.**<br>**(Tá straitéis phraghsála amháin díobh nach bhfuil á taispeáint.)** | **10m** |
| | **(i)** Idirdhealú Praghsanna \| **(ii)** Praghsáil Bhisigh | 5 + 5 |

**10.** **Dréachtaigh an meamram a chuir Tina Uí Dhúgáin, Bainisteoir TF, ar dháta an lae inniu chuig gach fostaí á mheabhrú dóibh go gcaithfear pasfhocail logála isteach an chórais a athrú faoin Aoine 23 Meitheamh 2023** — **10m**

**Meamram**

**Chuig:** An fhoireann go léir **(2)** — 2

**Ó:** Tina Duggan (Bainisteoir TF) **(2)** **Dáta**: 15/06/23 **(1)** — 3

**Maidir le:** Is mian liom meabhraigh don fhoireann go léir go gcaithfear pasfhocail logála isteach an chórais a uasdátú/athrú faoin Aoine 23 Meitheamh 2023. **(3)** — 3

**Sínithe:** *Tina Duggan* **(1)** **Teideal**: Bainisteoir TF **(1)** — 2

**11.** **Léirigh le tic (✓) an polasaí de chuid an AE a ndéantar cur síos air i ngach ráiteas ar leith.** — **10m**

| | **CBT (CAP)** | **CBI (CFP)** | **Cairt Shóisialta** | **Polasaí Iomaíochta** | Marcanna |
|---|---|---|---|---|---|
| Tá ceart ag saoránaigh an AE chun cónaí agus oibriú in aon tír de chuid an AE | | | ✓ | | 3 |
| Faigheann feirmeoirí Aoníocaíochtaí Feirme chun cabhrú leo a n-ioncam a fhorlíonadh. | ✓ | | | | 3 |
| Déantar monatóireacht ar gach cumasc agus táthcheangal gnó. | | | | ✓ | 2 |
| Stoic iasc a chaomhnú in uiscí AE is aidhm leis seo. | | ✓ | | | 2 |

**12.** **Meaitseáil an míniú leis an nGníomhaireacht Stáit cheart.** — **10m**

| | | Marcanna |
|---|---|---|
| Cuireann tionscal turasóireachta na hÉireann chun cinn ar fud an domhain. | **Fáilte Éireann** | 4 |
| Cuireann dreasachtaí éagsúla ar fáil do chuideachtaí ilnáisiúnta chun iad a mhealladh lena ngnó a bhunú in Éirinn. | **GFT Éireann (IDA)** | 3 |
| Cuireann comhairle, cúnamh deontais srl. ar fáil d'fhiontraithe chun cabhrú leo a bhfiontair a bhunú. | **Oifig Fiontair Áitiúil (LEO)** | 3 |

<table>
<tr>
<td>13.</td>
<td>Críochnaigh na tosca táirgeachta atá ar iarraidh.<br><br>1. Talamh<br>2. Saothar<br>Tosca Táirgeachta<br>3. Caipiteal<br>4. Fiontraíocht</td>
<td>10m<br><br>5<br><br>5</td>
</tr>
<tr>
<td>14.</td>
<td>Réamhaisnéis um Shreabhadh Airgid le haghaidh Theach Aíochta Uí Dhuibhir do na chéad trí mhí de 2023.<br><br>(i) €3,000 Obair: 26,000 – 23,000 = 3,000<br>Nó: 300 – (2700) = 300 + 2700 = 3,000<br>(ii) Eanáir<br>(iii) Márta/Feabhra</td>
<td>10m<br><br>1 + 1 + 2<br><br>3<br>3</td>
</tr>
<tr>
<td>15</td>
<td>Meaitseáil téarmaí le míniúcháin:
<table>
<tr><td>1.</td><td>2.</td><td>3.</td><td>4.</td><td>5.</td></tr>
<tr><td>C</td><td>D</td><td>F</td><td>A</td><td>E</td></tr>
</table>
</td>
<td>10m<br><br>5 x 2m</td>
</tr>
</table>

# ROINN 2

## CEIST 1:

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le dífhostú cóir.**<br><br>**Cumas** – gan dualgais an phoist a chríochnú de bharr neamhláithreachta nó moille nach bhfuil mar thoradh ar thinneas nó míchumas.<br><br>**Inniúlacht** – nach bhfuil in ann na tascanna a bhaineann leis a dhéanamh in ainneoin traenáil agus am réasúnta a fháil chun feabhsú.<br><br>**Cáilíochtaí** – má tharlaíonn sé nach bhfuil na cáilíochtaí atá riachtanach san fhógra poist ag an bhfostaí.<br><br>**Mí-iompar** – is féidir fostaí a bhriseadh as a bpost más rud é go raibh aon iompar ar bun acu atá gránna, mídhleathach, lasmuigh dá gconradh oibre, m.sh., ionsaí, bulaíocht/ciapadh, gadaíocht, ar meisce agus tú ag obair.<br><br>**Iomarcaíocht** – mura bhfuil an fostóir in ann an post a choinneáil ina bhfuil ag an mball foirne. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar fheidhm amháin atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre.**<br><br>• **Seirbhís chomhairleach:** Oibríonn an WRC go géar le fostóirí, fostaithe agus ceardchumainn le polasaithe, cleachtais agus nósanna caidrimh tionscail a chur chun cinn. a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.<br>• **Seirbhís idir-réitigh:** Oibríonn an t-Oifigeach Caidrimh Thionsclaíoch (OCT) mar idirghabhálaí chun seirbhísí comhréitigh neamhchlaonta a chur ar fáil idir fostóirí agus fostaithe chun cuidiú leo réiteach a fháil ar fhadhb caidrimh thionsclaíoch.<br>• **Seirbhís idirghabhála:** Cuidíonn tríú pháirtí le páirtithe in aighneas tionsclaíoch chun réiteach deonach a fháil ar ghearán nó clamhsán.<br>• **Seirbhís bhreithiúnais:** Bíonn éisteacht ar siúl don dá pháirtí in aighneas le cloisteáil agus fianaise a thabhairt. Déanann an breithneoir cinneadh scríofa ar an chás ina bhfuil an dá pháirtí in ann glac le nó é a dhiúltú. | **10m**<br><br>5 + 5 |
| (C) | **Liostaigh cúig pháirtí leasmhara sa ghnó:**<br><br>• Úinéir/Fiontraí/Fostóir<br>• Infheisteoirí /Scairshealbhóirí<br>• Fostaí/Bainisteoir<br>• Tomhaltóirí<br>• Rialtas<br>• An Pobal Áitiúil<br>• Creidiúnaithe<br>• Grúpaí Sainleasa<br>• Soláthraithe Seirbhísí<br>• Soláthraithe | **15m**<br><br>5 @ 3m |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **Mínigh an téarma 'caidreamh comhoibritheach' agus tabhair breac-chuntas ar shampla amháin de chaidreamh comhoibritheach idir bheirt pháirtí leasmhara.**<br><br>Bíonn caidreamh comhoibritheach ann nuair a oibríonn dhá pháirtí leasmhara le chéile agus caidreamh maith eatarthu. Oibríonn an dá pháirtí leasmhar i dtreo cuspóra chomhchoitinn.<br><br>Sampla: Fiontraí & Infheisteoir<br>Cuireann an t-infheisteoir maoiniú le haghaidh gnólachta ar fáil don fhiontraí. Coinníonn an fiontraí an t-infheisteoir ar an eolas, ní chuireann an t-infheisteoir teorainn ar bith ar an dóigh a gcaitear maoiniú agus faigheann sé brabús maith ar an infheistíocht. | **15m**<br><br><br><br>4 + 4<br><br><br><br><br>4 + 3 |
| **(E)** | **Is féidir conradh dlíthiúil a fhoirceannadh ar na modhanna seo a leanas:**<br><br>**Dírathú. Sárú, Comhaontú, Feidhmíocht**<br><br>**Mínigh trí cinn de na modhanna sin, agus tú ag baint úsáid as samplaí.**<br><br>**Dírathú:** Tá sé dodhéanta críoch a chur leis an gconradh de bharr imeachta gan choinne.<br><br>Sampla: Faigheann Taylor Swift ionfhabhtú scornaí agus níl sí in ann lean ar aghaidh lena ceolchoirm i mBaile Átha Cliath; cuirtear an cheolchoirm ar ceal.<br><br>**Sárú:** Tá coinníoll sa chonradh briste ag páirtí amháin, déantar neamhbhailí den chonradh.<br><br>Sampla: Rugadh ar pheileadóir as Learpholl ag tiomáint faoi thionchar an óil agus cuirtear stop lena chonradh leis an gclub.<br><br>**Comhaontú:** Tagann an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le deireadh an chonartha sula gcríochnaíonn sé.<br><br>Sampla: D'aontaigh Christiano Ronaldo agus Manchain Aontaithe deireadh a chur lena chonradh roimh an dáta deiridh de chomhthoil.<br><br>**Feidhmíocht:** Comhlíonann an dá pháirtí le téarmaí an chonartha agus tagann deireadh nádúrtha leis an chonradh.<br><br>Sampla: Fostaítear comhairleoir TF ar feadh tréimhse 6 mhí do ghnólacht cibearshlándála. Rachaidh an conradh in éag, ag deireadh an 6 mhí. | **20m**<br><br><br><br><br><br>4 + 3<br><br><br><br>4 + 3<br><br><br><br><br>4 + 2 |

**CEIST 2:**

| | **Freagraí Féideartha** | **Marcanna** |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh an téarma cuideachta ilnáisiúnta MNC).**<br><br>Cuideachta ina bhfuil a gceanncheathrú lonnaithe i dtír amháin agus brainsí i roinnt tíortha eile ar fud an domhain. | **10m**<br><br>7 + 3 |
| (B) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhreasacht a úsáideann an Rialtas chun cuideachtaí ilnáisiúnta (MNC) a mhealladh go hÉirinn.**<br><br>• Cáin Chorparáide Íseal (12.5%) Is é an ráta íseal ar bhrabús a mheallann Comhlachtaí Idirnáisiúnta.<br>• Rochtain ar mhargaí AE: saorthrádáil chuig ballstáit eile an AE le margadh de thart ar 450 milliún saoránach.<br>• Lucht saothair a bhfuil oideachas orthu agus sároilte: Tá líon an-ard céimithe tríú leibhéal ar fáil in Éirinn.<br>• Rochtain ar Dheontais Rialtais: Tá cúnamh deontais ar fáil ag an GFT chuig MNCanna atá a bhunú in áiteanna áirithe in Éirinn.<br>• Foirgnimh IDA/talamh tionsclaíoch zónáilte: Cuireann an IDA monarchana/foirgnimh saintógtha atá réidh le húsáid láithreach. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |
| (C) | **Déan cur síos ar dhá thairbhe a bhaineann geilleagar na hÉireann as méadú ar fhostaíocht.**<br><br>• Ioncam cánach méadaithe – Faigheann an Rialtas tuilleadh ioncaim ó cháin ioncaim.<br>• Caiteachas Rialtais laghdaithe – laghdaíonn an Rialtas a gcaiteachas ar leas sóisialta de bharr an lín daoine méadaithe atá ag obair agus as an bheochlár.<br>• Méadaíonn brabús gnó – caitheann fostaithe a dtuilleamh, ,mar sin de, méadaíonn díolachán agus brabúis le haghaidh go leor gnólachtaí.<br>• Caighdeán maireachtála níos fearr – tá fostaithe níos saibhre de bharr fostaíochta agus feabhsaíonn an caighdeán maireachtála.<br>• Feabhas ar infreastruchtúr – ba cheart infreastruchtúr níos fearr sa gheilleagar a bheith mar thoradh ar ioncam Rialtais méadaithe.<br>• Méadú ar IDC – méadaíonn infheistíocht dhíreach choigríche nuair a thuigeann gnólachtaí eile rath an gheilleagair Éireannaigh.<br>• Níos lú imirce – téann níos lú dár ndaoine óga ar imirce mar thoradh ar níos mó fostaíocht, agus laghdaíonn an ‘imirce daoine oilte’. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma boilsciú.**<br><br>Tagraíonn boilsciú don mhéadú sa chostas maireachtála ó thréimhse amháin go dtí tréimhse eile. Déanann Praghasinnéacs Tomhaltóirí (CPI) tomhas air agus ríomhann an Phríomh-Oifig Staidrimh(CSO) é ansin.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a dtéann ráta ard boilscithe i bhfeidhm ar chúrsaí gnó in Éirinn.**<br><br>• Laghdú ar dhíolachán/bhrabús – de réir mar a éiríonn praghsanna,laghdaíonn tomhaltóirí a gcaiteachas ar earraí neamhriachtanacha, ag laghdú díolacháin don ghnólacht.<br>• Costais méadaithe – méadaíonn costas gnó agus laghdaíonn brabús de bharr costais ar amhábhair, breosla srl.<br>• Méadaítear an t-éileamh ar phá – beidh fostaithe ag iarraidh méadú pá don chostas maireachtála chun coinneáil suas leis an leibhéal boilscithe, agus méadaíonn costais arís dá réir sin.<br>• Infheistíocht laghdaithe – níl gnólachtaí chomh sásta a fhorbairt ná mar a bhíonn siad nuair atá boilsciú ard. | **20m**<br><br>3 + 2<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann gnólacht as bheith á iompar féin go heiticiúil.**<br><br>• Feabhsaítear cáil an ghnólachta – feabhsaíonn an bhraistint phoiblí den ghnólacht de bharr iompair dhearfaigh an ghnólachta.<br>• Díolachán/brabús méadaithe – déanann tomhaltóirí níos mó iarracht tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí eiticiúla.<br>• Lucht saothair spreagtha – caitear go maith le fostaithe agus bíonn fonn oibre níos fearr acu de bharr timpeallachta oibre dearfaí.<br>• Rochtain níos éasca ar airgeadas – bíonn infheisteoirí níos sásta infheistiú i ngnólachtaí freagracha eiticiúla agus sóisialta.<br>• Costais laghdaithe – le modhanna táirgthe inbhuanaithe a úsáid laghdaíonn costais sa deireadh don ghnólacht.<br>• Margaí nua ar fáil – d'fhéadfaí don ghnólacht dul le margaí nua de bharr cáil ghnólachta níos fearr. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |

**CEIST 3:**

<table>
<tr><th></th><th>Freagraí Féideartha</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>(A)</td><td>(i) Úsáid an t-eolas atá ar fáil agus sainaithin an réigiún is mó a n-easpórtálann Éire chuige.<br><br>An tAontas Eorpach<br><br>(ii) Luaigh trí shampla d’earraí/seirbhísí a easpórtálann Éire.<br><br>Páirteanna ríomhaire, Táirgí cógaisíochta, Mairteoil, Táirgí déiríochta, turasóir Francach ag fanacht in óstán Éireannach.</td><td>15m<br><br>5<br><br><br>4 + 3 + 3</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Ainmnigh dhá bhacainn trádála agus mínigh ceann amháin díobh.<br><br>• Taraif<br>• Trádbhac<br>• Fóirdheontas<br>• Cuóta<br><br>Míniú Amháin:<br>• Is cáin a chuirtear ar tháirgí eachtracha é taraif. Méadaíonn sé praghas an táirge sin chun tomhaltóirí a spreagadh le hearraí a cheannach ó tháirgeoirí na tíre.<br>• Is é cosc rialtais ar iompórtálacha ar fad ó thír áirithe atá i gceist le trádbhac.<br>• Is é airgead a thugann rialtas nó an AE chuig a ngnólachtaí dúchasacha chun a ligeann dóibh a dtáirgí agus seirbhísí a dhíol níos saoire atá i gceist le fóirdheontas.<br>• Is é teorainn ar líon an earra áirithe is féidir a iompórtáil isteach i dtír atá i gceist le cuóta.</td><td>15m<br><br>4<br><br>4<br><br><br>4 + 3</td></tr>
<tr><td>(C)</td><td>Ba é €15.8 billiún Comhardú na nÍocaíochtaí ag Éirinn ó Dheireadh Fómhair – Nollaig, 2022.<br><br>(i) Mínigh an téarma Comhardú na nÍocaíochtaí.<br>Is é na heaspórtálacha go léir (infheicthe agus dofheicthe) lúide na hiompórtálacha go léir (infheicthe agus dofheicthe) atá i gceist le Comhardú na nÍocaíochtaí.<br><br>(ii) Tabhair breac-chuntas ar shlí amháin a dtéann méadú in easpórtálacha i bhfeidhm ar Chomhardú na nÍocaíochtaí.<br>Bíonn níos mó airgead ag teacht isteach sa gheilleagar de bharr méadaithe sna heaspórtálacha. D’fhéadfaí tionchar dearfach a bheadh ag seo ar Chomhardú na nÍocaíochtaí. D’fhéadfadh sé cuidiú le barrachas Comhardaithe na nÍocaíochtaí a mhéadú nó easnamh Comhardaithe na nÍocaíochtaí a laghdú.</td><td>15m<br><br><br>4 + 4<br><br><br>4 + 3</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá shochar atá ann d'Éirinn as a bheith ina ball den Aontas Eorpach.**<br><br>• Margadh Aonair/Saorthrádáil – Níl aon bhacainn trádála laistigh den AE. Saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí. Margadh thart ar 450 milliún duine a sholáthar de bharr.<br>• Saorghluaiseacht daoine – D'fhéadfadh saoránaigh Éireannacha a bheith ina gcónaí agus obair i mballstát ar bith eile gan víosa a fháil. Bíonn gnólachtaí Éireannacha in ann teacht ar lucht saothair oilte dá bharr seo.<br>• Cúnamh deontais/cistí struchtúracha – Faigheann feirmeoirí bearta tacaíochta ioncaim faoin CAP. Tá cistí struchtúracha ar fáil ón gCiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa.<br>• Airgeadra Aonair – A bhuí leis an airgeadra aonair tá saol níos éasca ag gnólachtaí Éireannacha agus taistealaithe atá ag trádáil nó ar cuairt chuig limistéar an euro, ina bhfuil 20 thír san AE ann.<br>• Mealltar IDC – bíonn cuideachtaí ilnáisiúnta lonnaithe in Éirinn chun rochtain a fháil ar mhargadh an AE a chruthaíonn deiseanna fostaíochta.<br><br>**(ii) Déan cur síos ar dhúshlán amháin atá roimh Éirinn mar gheall ar a bheith ina ball den Aontas Eorpach.**<br>• Cumhachtaí cinnteoireachta caillte – Níl smacht iomlán ag rialtas na hÉireann ar a gcinntí. Beidh orthu cloí le rialacháin a fhaigheann tús áite ar dlíthe náisiúnta.<br>• Cúnamh airgeadais – Is glanranníocóir don AE í Éire.<br>• Inimirce – d'fhéadfadh saorghluaiseacht daoine a bheith mar chúis de ghanntanas scileanna in Éirinn.<br>• Iomaíocht – D'fhéadfadh gnólachtaí Éireannacha dul in iomaíocht le gnólachtaí níos mó san AE agus d'fhéadfaí leo a dhíoladh ag praghsanna níos saoire.<br>• Nach bhfuil an RA mar bhall den AE níos mó – bíonn méadú ar chostais do ghnólachtaí Éireannacha de bharr nach bhfuil an comhpháirtí trádála is mó fós san AE. | **20m**<br><br>4 + 2<br><br>4 + 2<br><br><br><br><br><br><br>4 + 4 |
| **(E)** | **Ainmnigh dhá institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh.**<br><br>• Parlaimint na hEorpa<br>• An Coimisiún Eorpach<br>• Comhairle an AE<br>• An Chomhairle Eorpach<br>• Cúirt Iniúchóirí na hEorpa<br>• An Chúirt Bhreithiúnais an AE<br>• Banc Ceannais na hEorpa | **10m**<br><br>5 + 5 |

**CEIST 4:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **(i) An gcaithfidh Seán glacadh leis an Nóta Creidmheasa? Mínigh do fhreagra.** | **20m** |
| | Tá, caithfidh sé. | 4 |
| | De bhrí nach bhfuil fadhb ar bith leis an táirge, níl aon dualgas ar an miondíoltóir aisíoc/earra ionaid a chur ar fáil. Caithfidh an miondíoltóir aisíoc/deisiú/earra ionaid a chur ar fáil má tá aon fhoráil den Acht um Dhíol Earraí & Soláthar Seirbhísí 1980 briste. Sa chás seo, thriail Seán iad air sa siopa agus cheannaigh sé iad. D'athraigh sé a intinn agus chuir sé na buataisí ar ais; ní raibh fadhb ar bith leis an táirge. | 3 + 3 |
| | **(ii) Ainmnigh an dlí tomhaltóra atá i bhfeidhm.** | |
| | Acht um Dhíol Earraí & Soláthar Seirbhísí 1980. | 5 @ 2m |
| (B) | **Ainmnigh agus mínigh gníomhaireacht tomhaltóirí amháin a chabhraíonn le Seán tuilleadh eolais a fháil faoina chearta tomhaltóra.** | **15m** |
| | **An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC)** | 5 |
| | Tá an CCPC freagrach as tomhaltóirí a chur ar an eolas faoina gcearta i dtaca leis an gceannach earraí & seirbhísí. Cuireann sé eolas ar fáil tríd a suíomh gréasáin, seirbhís teileafóin, agus fógraí ar na meáin. Cuireann an suíomh gréasáin uirlisí ar fáil a ligeann do thomhaltóirí roghanna níos eolaí a dhéanamh. | 5 + 5 |
| | **Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann (CAI)** | |
| | Is eagraíocht neamhspleách, neamhbhrabúis, neamhrialtasach a oibríonn ar son tomhaltóirí Éireannach. Tríd a suíomh gréasáin agus iris mhíosúil Rogha Tomhaltóra, cuireann siad eolas ar fáil do thomhaltóirí ar a gcearta, táirgí airgeadais, sábháilteacht bia, fadhbanna sláinte. srl. | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis le díospóidí tionsclaíocha, seachas pá, idir ceardchumainn agus fostóirí.**<br><br>• Dífhostú Éagórach – má bhristear as a bpost go héagórach le fostaí, cruthóidh siad corraíl thionsclaíoch sa ghnólacht agus beidh aighneas idir an bhainistíocht agus an fhoireann, tríd an gceardchumann.<br>• Idirdhealú – má chaitear go difriúil le fostaí(aithe) ó fhostaithe eile beidh aighneas idir fostóirí agus fostaithe mar thoradh.<br>• Iomarcaíocht – má dífhostaíodh fostaithe de bharr iomarcaíochta, d'fhéadfaí corraíl i dtaca le cé a dhífhostú agus an pacáiste iomarcaíochta a tharla mar thoradh.<br>• Coinníollacha oibre – fadhbanna sláinte agus sábháilteachta, d'fhéadfaí sosanna agus laethanta saoire a bheith ina chúis le haighnis tionsclaíocha idir fostóir agus fostaithe.<br>• Fadhbanna críochadóireachta – má iarrtar ar fhostaithe obair daoine eile a dhéanamh d'fhéadfaí corraíl thionsclaíoch a tharla mar thoradh.<br>• Athruithe ar chleachtaí oibre – má tá athruithe suntasacha ar chleachtaí oibre, d'fhéadfadh le fostaithe dul i mbun gníomhaíochta thionsclaíche.<br>• Aitheantas Cheardchumainn – má dhiúltaíonn fostaithe an ceardchumann san ionad oibre a aithint, beidh aighneas ann. | | **10m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(D)** | **(i)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann le bheith mar bhall de cheardchumann.**<br><br>• Tugann ceardchumann cosaint d'fhostaithe i dtaca le fadhbanna fostaíochta.<br>• Ionadaíocht ceardchumainn – seasann an ceardchumann ar son fostaithe atá i mbun aighnis thionsclaíoch leis an bhfostóir.<br>• Tagann Ceardchumainn ar chomhaontú maidir le pá agus coinníollacha níos fearr d'fhostaithe.<br>• Cuireann siad fostaithe ar an eolas faoina gcearta agus cosaint a gcearta a chinntiú. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| | **(ii)** | **Ainmnigh ceardchumann amháin eile in Éirinn, seachas SIPTU.**<br><br>ASTI, TUI, INTO, INMO, Mandate, Forsa. | 5 |

| | | |
|---|---|---|
| **(E)** | **Mínigh na téarmaí seo a leanas a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch:**<br><br>**Rúnbhallóid** – Chun gníomhaíocht thionsclaíoch a chur ar bun, caithfidh leis an gceardchumann rúnbhallóid ball a eagrú, agus vótálann siad go príobháideach ar a gcinneadh dul i mbun gníomhaireachta tionsclaíche.<br><br>**Fógra Íosta** – faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990 caithfidh gach fostóir fógra íosta de 7 lá/1 seachtain a fháil sula gcaithfear dul i mbun gníomhaíochta tionsclaíche. Tugann seo am don fhostóir idirbheartaíocht a dhéanamh leis na fostaithe chun socruithe eile a eagrú.<br><br>**Picéadú** – baineann picéadú le fostaithe ag seasamh/ag máirseáil lasmuigh dá n-ionad oibre le plaicird chun aird a tharraingt ar aighneas tionsclaíoch san eagraíocht. Tarlaíonn picéadú príomhúil lasmuigh den ghnólacht/eagraíocht pháirteach. Tarlaíonn picéadú tánaisteach lasmuigh d’eagraíocht eile a d’fhéadfaí a bheith ag cur cosc ar an ngníomhaireacht stailce. | **15m**<br><br><br>3 + 2<br><br><br><br>3 + 2<br><br><br><br>3 + 2 |

**CEIST 5:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thréith/scil fiontraíochta a léiríonn fiontraithe amhall Nathan**.<br>• Nuálach/Cruthaitheach – tagann siad ar smaointe nua; féachann siad ar rudaí ar bhealach úr.<br>• Sásta dul sa seans – glacann siad chucu féin an riosca pearsanta agus airgeadais a bhaineann le gnólacht a chur ar bun.<br>• Cinntitheach/cinnteoireacht – déanann siad cinntí go mear agus go héifeachtach.<br>• Teacht aniar – bheith in ann teacht chugat féin ó bhuillí/deacrachtaí/botúin/teip.<br>• Dírithe ar an todhchaí/uaillmhianach – féachann siad chun cinn i dtreo na todhchaí agus pleananna a chur le chéile chun fanacht chun tosaigh ar iomaitheoirí.<br>• Neamhspleách – ag iarraidh obair dóibh féin, bheith ina máistir féin.<br>• Léirítear treallús – feiceann siad deis agus gníomhaíonn siad as a stuaim féin chun an ngnólacht a bhunú.<br>• Réamhghníomhach – déanann tú rudaí as do stuaim féin seachas a bheith ag feitheamh ar dhaoine eile chun é a dhéanamh.<br>• Muiníneach – tá muinín aige/aici as a smaoineamh agus as a c(h)umas féin.<br>• Scileanna Daonchaidrimh – réitíonn siad go maith le daoine.<br><br>Pointí eile:<br>Solúbtha, Braistint réadúlachta. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(B)** | **(i) Mínigh an téarma rialú stoic.**<br><br>Is é a chinntiú go bhfuil stoc barrmhaith ag an ngnólacht atá i gceist le rialú stoic. Ciallaíonn sé seo go bhfuil an méid ceart stoic, ag an am ceart. Ní mór do ghnólachtaí an iomarca stoic nó an easpa stoic a bheith acu.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá chúis a mbeadh rialú stoic tábhachtach do ghnólacht amhail SweetKing.**<br>• Cinntíonn sé nach bhfuil airgead ceangailte le stoc agus gur féidir é a úsáid ar bhealach eile.<br>• Costais laghdaithe – Cosnaíonn sé airgead chun stoc a stóráil, mar shampla, saoráidí stórála, árachas, slándáil.<br>• D’fhéadfaí le stoc a bheith as feidhm (as dáta) agus mar sin beidh sé deacair nó dodhéanta é a dhíol.<br>• Is a chinntiú go bhfuil dóthain stoic ag an ngnólacht chun freastal ar riachtanais custaiméirí atá i gceist le rialú stoic.<br>• Mura bhfuil dóthain stoic ag gnólacht beidh na custaiméirí ag bogadh chuig soláthraí eile agus beidh caillteanas díolacháin agus brabús dá bharr. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá ghné d'aon stíl cheannaireachta ar bith a d'fhéadfadh Nathan a úsáid ina ghnólacht.**<br><br>**<u>Uathlathach</u>**<br>• Tugann ceannairí uathlathacha orduithe a bheifear ag súil go gcloítear leo gan cheist.<br>• Ní dhéanann siad aon tarmligean toisc nach bhfuil muinín acu i gcumas na bhfostaithe.<br>• Ní théann siad i gcomhairle le nó ní phléann siad leis an bhfoireann.<br>• Spreagann siad na fostaithe trí eagla nó imeaglú a úsáid.<br>• Cumarsáid aontreo atá ann, ó bharr anuas.<br><br>**<u>Daonlathach</u>**<br>• Tugann Ceannaire Daonlathach treoir mhaith de réir mar a chuireann siad daoine ar an tslí cheart i dtreo cuspóra chomhchoitinn.<br>• Roinneann siad an obair chun a chinntiú go bhfuil na fostaithe go léir páirteach ann.<br>• Spreagann siad na hoibrithe tuairim a thabhairt agus éist leis na moltaí agus aiseolas.<br>• Spreagann siad trí mhisneach a thabhairt don fhoireann go léir agus a chinntiú go bhfuil siad páirteach.<br>• Spreagann siad infiontraíocht.<br>• Luach saothair a thabhairt don fhoireann trí mholadh, ardú céime agus cumasú.<br>• Is próiseas dhá threo é cumarsáid, spreagtar ionchur foirne.<br><br>**<u>Laissez-faire</u>**<br>• Tá muinín iomlán ag Laissez-faire (nó Ceannaire Saorálach) i gcumas agus i gcinntí na bhfostaithe.<br>• Ligeann siad d'fhostaithe cinntí a dhéanamh gan mórán treorach nó comhairle.<br>• Déanann siad tarmligean ar bheagnach gach tasc agus freagracht.<br>• Spreagann siad oibrithe tríd go leor saoirse a thabhairt dóibh. | **15m**<br><br><br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |

| | | |
|---|---|---|
| **(D)** | **(i) Mínigh an téarma tarmligean.**<br><br>Is é duine a bhfuil údarás acu (bainistíocht) atá ag sábháil ama trí thasc nó tionscadal a thabhairt d'fhostaí atá le críochnú ach tá an bainisteoir fós freagrach agus cuntasach don tasc, atá i gceist le tarmligean.<br><br>**(ii) Déan cur síos ar dhá thairbhe atá ann do bhainisteoir de bharr an tarmligin.**<br><br>• Tugtar tuilleadh ama do bhainistíocht – déanann tarmligean am le haghaidh bainistíochta chun díriú ar thascanna/cuspóirí tosaíochta le haghaidh na heagraíochta.<br><br>• Spreagtar fostaithe – a bhuí le tarmligean mothaíonn fostaithe go bhfuil siad luachmhar agus gur mhór acu a gcumas. Bíonn muinín acu as na fostaithe, agus feabhsaíonn meanma – bíonn an fhoireann níos táirgiúla dá bharr.<br><br>• Feabhas ar scileanna – tagann forbairt ar scileanna fostaithe de bharr tarmligin a mhéadaíonn cumas foirne, agus d'fhéadfadh tuilleadh tarmligin agus cumasú/ardú céime sa todhchaí a tharlóidh. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(E)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá shlí a mbainfeadh SweetKing tairbhe as Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (ICT).**<br><br>• Cumarsáid – bíonn SweetKing níos éifeachtaí mar tá sé in ann freagra a thabhairt ar riachtanais custaiméirí.<br>• Díolacháin – bain úsáid as an tairseach ar líne (suíomh gréasáin) chun a ndíoladh ar fud an domhain.<br>• Fógraíocht – trí shuíomh gréasáin nó na meáin shóisialta.<br>• Rialú Stoic – tugann idirmhalartú leictreonach sonraí (ILS) cead do Sweet King a leibhéal stoic a rialú.<br>• Párolla – Úsáideann SweetKing TFC chun a bhfoireann a íoc.<br>• Ullmhú ar chuntais – Is féidir TFC a úsáid chun cuntais airgeadais a ullmhú.<br>• Néalríomahireacht – comhaid a stóráil.<br>• Cinnteoireacht níos fearr – rochtain ar níos mó faisnéis.<br>• Líonrú – soláthraithe, soláthraithe seirbhísí.<br>• Taighde margaidh – suirbhéanna ar line. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |

**CEIST 6:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Mínigh na trí théarma a bhfuil líne fúthu.**<br><br>• **CGB** – Cruinniú Ginearálta Bliantúil. Cruinniú a thionóltar uair a bhliain chun gníomhaíochta agus cuntais ón mbliain roimh ré a phlé.<br>• **Miontuairiscí** – Is taifead scríofa iad miontuairiscí i gcruinniú ar na fadhbanna a pléadh agus na cinntí a rinneadh ag cruinniú. Déanann an rúnaí taifead ar na miontuairiscí.<br>• **AGE** – Aon ghnó eile. D'fhéadfadh aon topaic nach bhfuil liostaithe a phlé anois. | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| (B) | **(i) Tabhair breac-chuntas ar dhá dhualgas ar rúnaí i gcomhair cruinniú de chlub.**<br><br>**Rúnaí**<br>• Fógra a sheoladh – cinntítear go bhfaigheann gach duine a bhfuil ina dteideal freastal air an Fógra agus Clár a fháil roimh an gcruinniú.<br>• Ionaid a eagrú – cinntítear go bhfuil na hionaid go léir eagraithe agus go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir ar fáil.<br>• Déileáil le comhfhreagras – aon chomhfhreagras ag an gcruinniú a léamh amach.<br>• Miontuairiscí a thógáil – nótaí ar an méid a pléadh agus cinntí a rinneadh chun miontuairiscí a scríobh agus miontuairiscí ón gcruinniú roimhe ré a léamh.<br><br>**(ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá dhualgas ar chathaoirleach ag cruinniú.**<br><br>**Cathaoirleach**<br>• Córam a chinntiú – an t-íosuimhir daoine atá ag teastáil le tús a chur leis an gcruinniú.<br>• An cruinniú a oscailt agus a dhúnadh.<br>• An cruinniú a bhainistiú – cinntítear go leantar leis an gclár agus go dtéann an cruinniú ar aghaidh ar bhealach eagraithe.<br>• Déan cinnte go bhfaigheann gach duine an deis páirt a ghlacadh agus a dtuairimí a nochtadh.<br>• D'fhéadfadh leis an gCathaoirleach vóta réitigh a bheadh acu sa chás go bhfuil beirt ar comhscór. | **20m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Tabhair breac-chuntas ar thrí thoisc a bhreithneoidh banc sula n-eiseoidh sé iasacht don chlub mar mhaoiniú chun síneadh a chur leis an gclubtheach.**<br><br>• Cumas íoc ar ais: An bhfuil an cumas ag an gclub íoc ar ais? Beidh an banc ag iarraidh a fheiceáil go léiríonn cuntais airgeadais an chlub go mbeidh sé in ann an iasacht a íoc ar ais, m.sh., Réamhaisnéisí um shreabhadh airgid.<br>• Stair chreidmheasa: Ar íoc an club iasachtaí roimh ré in am?<br>• Comhthaobhach: An bhfuil slándáil ag an iasachtaí (sócmhainn a úsáidtear mar thaca leis an iasacht)?<br>• Cuspóir: Cén úsáid atá leis an iasacht?<br>• Tréimhse: Cá fhad a bhfuil an iasacht le haghaidh?<br>• Méid: Cá mhéad a bhfuil ag teastáil ón iasachtaí?<br>• Plean gnó / treo amach anseo. Ar léirigh an club gurbh infheistíocht mhaith é? | **15m**<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2<br><br>3 + 2 |
| **(D)** | **Ainmnigh agus mínigh dhá chineál árachais ba chóir a bheith ag Club Gailf na Plásóige.**<br><br>**Árachas Dliteanais Phoiblí** – cosnaíonn sé seo ar an gClub Gailf sa chás go mbíonn timpiste ag duine den phobal ar a n-áitreabh agus déanann sé éileamh in éadan an Chlub.<br><br>**Árachas Foirgneamh** – tá áitreabh an chlub clúdaithe sa chás go dtarlaíonn tine/damáiste ó thuilte.<br><br>**Árachas Inneachair** – tá an Club Gailf clúdaithe sa chás go ngoidtear rudaí ón áitreabh/club.<br><br>**Árachas Dliteanais Fostóra** – má tá fostaí nimhneach/gortaithe san ionad oibre, tá an Club Gailf faoi chosaint má tá éileamh déanta.<br><br>Chomh maith leis seo: Árachas Gluaisteáin, Árachas Ráthaíochta Dílseachta. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
| **(E)** | **Baineann Measúnóirí agus Achtúirí araon le cúrsaí árachais. Mínigh an ról atá ag ceann amháin díobh.**<br><br>**Achtúirí** – tá achtúire freagrach as an bpréimh árachais a ríomh. Úsáideann siad an t-eolas atá curtha ar fáil ag an gcustaiméir chun an leibhéal riosca a bhaineann leis an earra a aithint agus an phréimh bhliantúil a ríomh.<br><br>**Measúnóirí** – ríomhann an measúnóir an cúiteamh ar éileamh atá déanta. Beidh an Measúnóir ag fiosrú an éilimh agus déanfaidh sé cinneadh ar cá mhéad airgead a gcaitear a íoc chuig an árachaí. | **10m**<br><br>5 + 5 |

## CEIST 7:

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| (A) | **Ríomh tuarastal glan bliantúil Lúsaí. Taispeáin do chuid oibre go léir.** | **20m** |
| | **ÍMAT:** €40,000 × 0.2 = €8,000 **(1 + 1 + 1)** | 3 |
| | Lúide creidmheas cánach (€3,400) **(3)** | 3 |
| | ÍMAT iníoctha €4,600 **(2)** | 2 |
| | **ÁSPC:** €40,000 × 0.04 = €1,600 **(1 + 1 + 1)** | 3 |
| | **MSU:** €40,000 × 0.03 = €1,200 **(1 + 1 + 1)** | 3 |
| | Asbhaintí Iomlána €7,400 | |
| | **Pá Comhlán** €40,000 **(2)** | 2 |
| | **Lúide Asbhaintí:** € 7,400 **(2)** | 2 |
| | **Glánphá Bliantúil:** €32,600 **(2)** | 2 |
| (B) | **Mínigh an téarma ÍMAT (PAYE).** | **10m** |
| | ÍMAT – Íoc Mar A Thuillir | 6 |
| | Is cáin ioncaim é seo a bhaintear ó fhostaithe in Éirinn agus a íochtar ar an Stát (trí na Coimisinéirí Ioncaim). Tá dhá ráta ann: Ráta caighdeánach 20% agus Ardráta Cánach 40%. Laghdaíonn creidmheasanna cánach an méid ÍMAT a n-íoctar ar an Rialtas. Baintear an ÍMAT ag an bhfoinse ag an bhfostóir. | 3 + 1 |
| (C) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá mhodh a n-earcaítear fostaithe nua.** | **15m** |
| | • Idirlíon – trí shuíomh gréasáin an ghnólachta nó suíomh gréasáin post | 7 + 3 |
| | • Gníomhaireacht earcaíochta – íoc as Gníomhaireacht earcaíochta chun fostaithe nua a fháil. | 4 + 1 |
| | • Nuachtáin – fógraíocht a dhéanamh i nuachtáin áitiúla/náisiúnta nó póstaeir. | |
| | • Coláistí/Ionaid oiliúna – scileanna/cáilíochta riachtanach a chur ar fáil díreach d’fhostaithe. | |
| | • Líonrú – ag úsáid LinkedIn. | |
| | • Ceann seilge – Iarrtar ar dhuine in eagraíocht eile an post a ghlacadh. | |

| | | |
|---|---|---|
| (D) | **Mínigh, agus samplaí á n-úsáid agat, coimisiún agus sochar comhchineáil.**<br><br>**Coimisiún** – tagraítear do mhodh a bhaineann le luach saothair a thabhairt d'fhostaithe atá ag obair i ndíolachán. Íoctar bunphá/tuarastal agus íocfar coimisiún ar a ndíolachán – is céatadán é seo ar luach na ndíolachán atá acu sa tseachtain/sa mhí. Úsáidtear é mar spreagadh do dhíoltóirí le hobair níos crua a dhéanamh agus níos mó díolacháin a dhéanamh toisc dá mhéad a ndíolann siad, is mó tuilleamh a fhaigheann siad.<br><br>Sampla: Tuilleann ionadaí díolacháin 5% coimisiún ar dhíolachán. I seachtain 3 rinne sé €10,000 díolachán agus thuill sé €500 coimisiún.<br><br>**Sochar-Comhchineáil** – is modh neamhairgid íocaíochta é seo, nó peorcaisí mar is fearr aithne. D'fhéadfaí le fostaithe cineálacha difriúla de shochar-comhchineáil ag brath ar an gcineál oibre atá ar bun acu. Cuireann sé seo lena bpá/a dtuarastal agus é inchánach anois.<br><br>Sampla: carr cuideachta, ríomhaire glúine / táibléad, árachas sláinte saor in aisce. | **15m**<br><br>3 + 3<br><br>2<br><br>3 + 2<br><br>2 |
| (E) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe do PáirteannaPrasa Teo. as luach saothair a thabhairt dá bhfostaithe.**<br><br>• Spreagadh fostaí laghdaithe – trí luach saothair a thabhairt don fhoireann go sásúil le haghaidh na n-oibreacha crua a rinne siad feabhsaítear spreagadh agus meanma an fhostaí.<br>• Dílseacht/coinneáil fostaithe – bíonn fostaithe níos sásta obair dá bhfostóir má chaitear go cothrom leo agus má thugtar luach saothair maith dóibh.<br>• D'fhéadfaí fostaithe a spreagadh chun obair níos crua – d'fhéadfaí na fostaithe a spreagadh le sochair bhreise chun táirgiúlacht a mhéadú, m.sh., díolachán.<br>• Íomhá phoiblí mhaith – beidh cáil mhaith ag an eagraíocht lena gcustaiméirí a íocadh go maith agus ba chóir go mbeidh dea-thoil agus díolacháin feabhsaithe acu. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |

**CEIST 8:**

| | Freagraí Féideartha | Marcanna |
|---|---|---|
| **(A)** | **(i) Tabhair breac-chuntas ar thairbhe amháin a bhaineann le clár dílseachta mar mhodh curtha chun cinn díolachán.**<br>• Dílseacht custaiméirí a chothú – tiocfaidh na custaiméirí ar ais arís agus arís eile chun féirín saor in aisce nó pointí a fháil.<br>• Spreagann sé tomhaltóirí an gnólacht seo a roghnú thar aon iomaitheoir.<br>**(ii) Seachas clár dílseachta, tabhair breac-chuntas ar theicníc amháin eile le díolachán a chur chun cinn a d'fhéadfadh siopa caife a úsáid chun a chuid díolachán a mhéadú.**<br>• Comórtais – tugann an gnólacht an deis do chustaiméirí duais a bhuachan. Cruthaíonn an comórtas cuid mhór aird agus spreagann sé daoine é a cheannach. Ar na meáin shóisialta, tugann Insomnia an deis do chustaiméirí duais a bhuachan trí fhógra a fhreagairt agus a roinnt.<br>• Samplaí saor in aisce – tugann an gnólacht an deis do dhaoine triail saor in aisce a fháil ar tháirge. Spreagann seo le tomhaltóirí triail a bhaint as agus le cúnamh Dé go mbeidh siad sásta leis ionas go gceannóidh siad é arís.<br>• Lascainí/dearbháin praghasghearrtha – tugann an gnólacht cúpón do thomhaltóirí a ligeann dóibh lascaine áirithe a fháil, m.sh., 10% dá gcaife.<br>• Taispeántas díolphointí – cuireann siopa caife cístí agus brioscaí ar thaispeáint gar don chuntar ionad go dtabharfadh an tomhaltóir iad faoi deara agus iad i scuaine réidh le híoc. Bíonn tobcheannach dá bharr.<br>• Tairiscintí Speisialta – ceannaigh ceann amháin, faigh ceann eile saor in aisce. | **15m**<br><br>6 + 2<br><br>5 + 2 |
| **(B)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá thairbhe a bhaineann leis na meáin shóisialta a úsáid chun Insomnia a fhógairt.**<br>• Costais laghdaithe – tá fógraíocht trí na meáin shóisialta níos saoire ná fógraíocht thraidisiúnta ar nós teilifís.<br>• Lucht féachana domhanda – D'fhéadfaí don ghnólacht margadh mór a fháil.<br>• Fógraíocht dhíreach – d'fhéadfaí don ghnólacht cumarsáid a dhéanamh díreach le tomhaltóirí trí ardáin ar nós TikTok, Twitter, srl. Cuidíonn sé don ghnólacht caidreamh a chruthú lena gcustaiméirí.<br>• Spriocmhargadh bainte amach acu – d'fhéadfadh don ghnólacht fógraíocht a dhéanamh ar ardáin a bhfuil in úsáid ag an spriocmhargadh.<br>• Aiseolas – D'fhéadfaí do Insomnia aiseolas a fháil ó chustaiméirí trí ráitis/seoladh teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Luaigh trí thoisc ar chóir do ghnólacht amhail Insomnia iad a bhreithniú sula socraíonn sé na praghsanna ar a chuid táirgí.**<br><br>• Costas táirge/soláthar<br>• Praghsanna iomaitheoirí<br>• Leibhéil ioncaim den spriocmhargadh<br>• Gníomh/éileamh geilleagrach<br>• Cánacha/Rialacháin<br>• Brandáil<br>• Áit sa tSaolré Tháirge | **15m**<br><br>8<br><br>4<br><br>3 |
| **(D)** | **Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste do Glenn Mac Cárthaigh a bhaineann le gnó a bhunú trí mhúnla saincheadúnais atá ar bun cheana féin.**<br><br>• Riosca laghdaithe – is foirmle sheanbhunaithe é múnla saincheadúnais atá ar bun cheana féin agus atá rathúil cheana féin agus mar sin tá seans maith go mbeidh Glenn rathúil.<br>• Tacaíocht ó shaincheadúnóir – faigheann an saincheadúnaí traenáil agus tacaíocht ón saincheadúnóir.<br>• Ceannach láraithe – faightear amhábhair/soláthairtí díreach ón saincheadúnóir agus á laghdú na costais.<br>• Bonn custaiméirí atá ar bun cheana féin – tá bonn custaiméirí bunaithe ag an seancheadúnas a gheallann leibhéal díolachán áirithe.<br>• Fógraíocht náisiúnta – baineann gach seancheadúnas tairbhe as aon fheachtas fógraíochta náisiúnta. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |
| **(E)** | **Mínigh dhá chúis a bhfuil sé riachtanach do Glenn Plean Gnó a ullmhú.**<br><br>• Dírithe ar an todhchaí – leagfaidh Glenn cuspóirí amach le haghaidh na todhchaí agus beartóidh sé straitéisí chun iad a bhaint amach. Tugann seo struchtúr agus fócas don ghnólacht.<br><br>• Riachtanach le haghaidh infheistíochta – caithfidh Glenn Plean Gnó a ullmhú chun rochtain a fháil ar airgeadas trí institiúid airgeadais nó infheisteoirí, agus é a thaispeáint don shaincheadúnóir.<br><br>• Cuidíonn sé le bheith ag súil le fadhbanna – trí Phlean Gnó a ullmhú cuideoidh sé le Glenn fadhbanna acmhainne ar an mbealach a aithint.<br><br>• Tagarmharc – D’fhéadadh Plean Gnó a úsáid mar bheart rialaithe chun comparáid a dhéanamh idir feidhmíocht in éadan pleananna atá déanta. | **15m**<br><br>7 + 3<br><br>4 + 1 |

**Ceist 9**

<table>
<tr><th></th><th>Freagraí Féideartha</th><th>Marcanna</th></tr>
<tr><td>(A)</td><td>Rinne Paulette agus Luíse deis ghnó de na rudaí a bhfuil spéis acu iontu. Luaigh dhá fhoinse eile de smaointe gnó d’fhiontraithe.<br><br>• Moltaí ó bhaill teaghlaigh/cairde<br>• Na Meáin/An t-Idirlíon<br>• Tobsmaointeoireacht<br>• Iomaitheoirí<br>• Infhiontraíocht /Moltaí ón bhfoireann<br>• Aiseolas custaiméara<br>• Treochtaí<br>• Na ranna Taighde agus Forbairt<br>• Ionadú Iompórtála<br>• Taisteal thar lear</td><td>10m<br><br><br>5<br><br>5</td></tr>
<tr><td>(B)</td><td>Ainmnigh agus mínigh an dá chineál taighde margaidh a d’fhéadfadh gnólacht amhail I-SPY a úsáid sula seolann siad a gcuid táirgí.<br><br>• Taighde Deisce (Tánaisteach): Baineann taighde ón deasc le heolas atá bailithe ag duine éigin eile cheana féin a úsáid. Is sonraí tánaisteacha atá ann agus d’fhéadfadh sé a bheith inmheánach agus seachtrach. Tá taighde ón deasc measartha saor, ag coinneáil costais gnó síos.<br><br>Samplaí de thaighde ón deasc: an t-idirlíon, tuairiscí díolacháin inmheánacha, tuairiscí trádála, foilseacháin an Phríomh-Oifig Staidrimh, nuachtáin.<br><br>• Taighde Allamuigh (Príomha): Baineann taighde allamuigh le dul amach sa mhargadh chun eolas nua nó ó bhunfhoinse a bhailiú. Baineann sé le teagmháil dhíreach a dhéanamh le custaiméirí nó custaiméirí féideartha. Bíonn taighde allamuigh costasach agus glacann sé cuid mhór ama de ghnáth, ach cuireann sé saineolas ar iompar an spriocmhargaidh ar fáil.<br><br>Samplaí de thaighde allamuigh:suirbhéanna, breathnóireacht, ceistneoirí agus grúpaí fócais.</td><td>15m<br><br><br>3 + 3 + 2<br><br><br><br><br><br><br><br>3 + 2 + 2</td></tr>
</table>

| | | |
|---|---|---|
| **(C)** | **Is minic a dhéanann cuideachtaí éadaí amhail I-SPY a gcuid táirgí trí bhaisctháirgeadh.**<br><br>**(i) Mínigh an téarma baisctháirgeadh.**<br><br>Baineann baisctháirgeadh le méid teoranta de tháirgí atá díreach mar an gcéanna a chur ar fáil ag an am céanna. Téann táirgeadh go grúpa éagsúil ansin, m.sh., i mbácús, baisc builíní ina diaidh baisc scónaí.<br><br>**(ii) Liostaigh dhá mhodh táirgthe eile agus tabhair sampla de tháirge lena n-úsáidtear gach ceann de na cineálacha táirgthe sin.**<br><br>Jabtháirgeadh – gúna pósta saindéanta, culaith tháilliúrtha, troscán lámhdhéanta.<br><br>Olltáirgeacht – Pinn ghránbhioracha, canna pónairí, liathróidí gailf, páipéar leithris. | **20m**<br><br><br><br>4 + 3<br><br><br><br><br>4 + 3<br><br>4 + 2 |
| **(D)** | **Mínigh dhá cheann ar bith de na céimeanna thíos a bhaineann le próiseas forbartha táirge nua.**<br><br>(i) Staidéar Féidearthachta<br>(ii) Forbairt Fréamhshamhla<br>(iii) Margaíocht Tástála<br><br>**Staidéar Féidearthachta:** Déantar seo chun a mheasúnú go bhfuil an táirge inmharthana agus d'fhéadfadh sé a fhorbairt go rathúil agus a thabhairt don mhargadh. An bhféadtar leis a bheith ag an gcaighdeán cuí go teicniúil maidir le rialacháin sábháilteachta agus rialtas? An bhféadtar leis a bheith inmharthana ó thaobh airgeadais de – an mbeidh éileamh air ag an bpraghas díola i ndiaidh na gcostas go léir a chlúdach? Déantar anailís chóimheá chun a fháil amach an mbeadh an táirge brabúsach.<br><br>**Forbairt Fréamhshamhla:** Sa chéim seo déantar forbairt ar shampla nó múnla táirge. Cuirtear múnla atá ag obair nó 'samhla' ar fáil chun a fháil amach cad iad na hábhair atá ag teastáil chun an táirge a dhéanamh. D'fhéadfaí é a úsáid chun an triail a bhaint as an táirge chun a fháil amach an gcloíonn sé le caighdeáin áirithe agus cinneadh a dhéanamh ar na hoiriúnuithe/feabhsuithe is féidir a dhéanamh sula ndéantar an cinneadh dul i mbun táirgthe ó bhonn.<br><br>**Margaíocht Tástála:** Baintear triail as an táirge ar shampla de thomhaltóirí féideartha sula dtéitear i mbun táirgthe lánscála. D'fhéadfaí le haiseolas ón margaíocht tástála feabhsuithe a thabhairt chun solais agus déantar cinneadh ar cheart don táirge a chur chun cinn mar fhiontar tráchtála lánscála. | **15m**<br><br><br><br><br>4 + 4<br><br><br><br><br>4 + 3 |

| (E) | **Tabhair breac-chuntas ar dhá dhúshlán a bhíonn ann le linn gnólachta nua a thosú.**<br><br>• Rochtain ar Mhaoiniú – Tá sé deacair maoiniú a bhailiú do ghnólacht nua. D'fhéadfadh sé a bheith deacair é a chur ina luí ar bhainc agus infheisteoirí. Beidh ar fhiontraithe cinneadh a dhéanamh ar an bhfoinse mhaoinithe cheart. Tá maoiniú fadtéarmach, meántéarmach agus maoiniú gearrthéarmach ag teastáil.<br>• An struchtúr úinéireachta a roghnú – Caithfidh gnólacht nuathionscanta cinneadh a dhéanamh ar an gcineál struchtúir úinéireachta atá siad á lorg, trádálaí aonair, comhlacht, comhpháirtíocht nó comharchumann. Beidh impleachtaí aige maidir le dliteanas, cinnteoireacht, brabúis, cáin.<br>• Modh táirgthe a roghnú – Is féidir le gnólachtaí rogha a dhéanamh idir post, baisc nó olltáirgeacht. Beidh tionchar ag an modh ar bharainneachtaí scála, an cineál oibrithe atá ag teastáil, srl.<br>• Dúshláin a chur ar an margadh – D'fhéadfadh sé a bheith deacair sciar den mhargadh a bhunú/greim a fháil sa mhargadh. D'fhéadfaí le seo costais phromóisin méadaithe a bheith ann ar nós feachtais fógraíochta.<br>• Iomaíocht/USP a chruthú – Caithfidh gnólacht a chinntiú go seasann a ngnó amach ó iomaitheoirí.<br>• Infhaighteacht suímh – Caithfidh gnólachtaí suíomh a roghnú atá oiriúnach le haghaidh custaiméirí agus baill foirne. D'fhéadfadh sé seo a bheadh an-dúshlánach do ghnólacht de bharr cíosanna arda.<br>• Infhaighteacht foirne oiriúnach – D'fhéadfadh sé a bheadh deacair do ghnólacht foireann leis na scileanna cearta a fháil.<br>• Cothromaíocht Oibre/Saoi – Tá uaireanta oibre fada ag teastáil chun gnólacht a chur faoi lánseol. | **15m**<br><br>4 + 4<br><br>4 + 3 |
|---|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## *Tábla 400 @ 10%*

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |